Miontuairiscí ón 17ú cruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta Dé Céadaoin 6 Aibreán 2016 in oifig Ghlór na nGael, Ráth Chairn, Co. na Mí.

I láthair: Antoine Ó Coileáin (Gael Linn), Caitríona Ní Cheallaigh (Cumann na bhFiann), Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge), Lorcán Mac Gabhann (Glór na nGael), Liam Ó Maolaodha (Oireachtas na Gaeilge) agus Nóra Ní Loingsigh (Gaelscoileanna).

Ag freastal: Seán Ó Coinn (Cathaoirleach an Fhóraim & Foras na Gaeilge), Éamonn Ó hArgáin (Foras na Gaeilge), Steph Uí Choinne (Rúnaí an Fhóraim) agus Dónall P. Ó Baoill (Comhairleoir Pleanála Teanga).

Leithscéal: Bláthnaid Ní Ghréacháin (Gaelscoileanna) agus Regina Uí Chollatáin (An Fóram Forbartha Teanga).

Clár an chruinnithe a aontú

1. Aontaíodh ar chlár an chruinnithe. Aontaíodh go gcuirfí ócáid chomórtha 2016 (Féasta 2016) ar an chlár agus go ndéanfaí plé air sin ag deireadh an chruinnithe. Rinneadh comhghairdeas le Ceannasaí Chonradh na Gaeilge ar bhreith a mhic nua.

Miontuairiscí ón 3 Feabhra 2016 agus nithe ag éirí astu

2. Glacadh leis na miontuairiscí ón 3 Feabhra 2016. Cuireadh in iúl go raibh G. Trimble chun labhairt faoin mheitheal maoinithe agus faoi théarmaí tagartha na meithle inniu.
3. Rinneadh tagairt don dá mheamram comhthuisceana a bhain le Forbairt na Gaeilge ag Leibhéal an Phobail agus Tógáil Teaghlaigh le Gaeilge agus cuireadh in iúl go raibh siad pléite ag na boird stiúrtha uile agus go raibh siad sásta leo. Aontaíodh go ndéanfaí plé ar na meamraim arís níos faide sa bhliain agus go dtiocfadh treoir ó Cheannasaí Ghlór na nGael ina leith.
4. Ardaíodh ceist faoin cháipéis Excel a bhí le cur ar fáil ag Cumann na bhFiann agus cuireadh in iúl go scaipfí sin ar na Ceannasaithe le go dtig leo a n-eolas féin a chur léi. Aontaíodh go mbeadh sé ina chuidiú don phobal an t-eolas sin a fheiceáil le go mbeidh a fhios acu cad iad na háiteanna a bhfuil Ceanneagraíochtaí gníomhach.
5. Rinneadh tagairt do na feidhmeanna agus na moltaí a bhí faighte ina leith ó roinnt Ceanneagraíochtaí. Míníodh go raibh athbhreithiú le déanamh ar na feidhmeanna agus go mbeadh faomhadh Bhord Fhoras an Gaeilge le fáil ina leith. Cuireadh in iúl go mbeadh na moltaí faoi bhráid an Choiste Forbartha ar tús agus faoi bhráid Bhord Fhoras na Gaeilge ansin i mí Iúil. D'iarr an Cathaoirleach go gcuirfí moltaí na gCeanneagraíochtaí ar fáil faoi dheireadh na míosa.
6. Rinneadh tagairt do na ceardlanna a bhí Foras na Gaeilge ag iarraidh a eagrú agus cuireadh in iúl go mbeadh ceardlann ar an phleanáil teanga ar 28 Aibreán. Míníodh go lorgófaí tairiscintí i mí an Mheithimh don dara ceardlann a bheadh dírithe ar fheidhmíocht foirne agus eagraíochtúil. Míníodh go raibh sé tábhachtach go ndéanfadh an oiread daoine agus is féidir ó na Ceanneagraíochtaí freastal ar na ceardlanna. Cuireadh in iúl go raibh roinnt Ceanneagraíochtaí i ndiaidh dul thar a dteorainn maidir le costais taistil i

ngeall ar chiorruithe áfach agus nach mbeadh gach fostaí in ann freastal ar na ceardlanna dá réir.

Gníomh: Cáipéis Excel le scaipeadh ar na Ceanneagraíochtaí.

Gníomh: Moltaí ar na feidhmeanna le cur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge.

Pleanáil don am atá le teacht i bhfianaise ciorruithe

7. Pléadh an cheist maidir le ciorruithe ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge agus ar bhuiséid na gCeanneagraíochtaí faoi seach. Míníodh gurbh fhéidir buiséad Fhoras na Gaeilge a roinnt ina thrí chuid; is é sin trian amháin do chostais foirne/reatha, trian eile do dheontais/scéimeanna agus trian eile do na Ceanneagraíochtaí (tuairim ar €5m i ngach trian). Aithníodh nach dtiocfadh costais foirne agus reatha sna Ceanneagraíochtaí a ísliú mórán, rud a d'fhág go mbeadh an chuid is measa de na ciorruithe le cur i bhfeidhm ar scéimeanna deontais Fhoras na Gaeilge, agus ar chláir oibre na gCeanneagraíochtaí. Moladh go gcuirfeadh Foras na Gaeilge cáipéis le chéile maidir le himpleachtaí na gciorruithe buiséid ó tosaíodh a chiorrú bhuiséad Fhoras an Gaeilge a léireodh drochéifeacht na gciorruithe sin ar phleananna gnó. Cuireadh in iúl go mbeadh na Ceannasaithe ag lorg cruinnithe leis an dá Aire, thuaidh agus theas, chun ceist na gciorruithe a phlé.
8. Cuireadh in iúl go raibh na deontais a bhí ag na Ceanneagraíochtaí faoi láthair róbheag leis na costais uilig a chumdach. Cuireadh in iúl gur costas seasta a bhí i gceist le costais tuarastail, ach go mbeadh ócáidí a chaithfí a chur ar ceal dá mbeadh tuilleadh ciorruithe le cur i bhfeidhm. Cuireadh in iúl go mbeadh gearradh le déanamh ar fhostaíocht in eagraíochtaí agus go gcaillfí poist dá réir sin. Cuireadh in iúl nach bhféadfaí feidhmeanna na gCeanneagraíochtaí a chomhlíonadh ina n-iomláine dá gcaillfí poist agus nárbh fhéidir cláir oibre a chur i gcrích dá leanfadh na ciorruithe ar aghaidh. Cuireadh in iúl go raibh Ceanneagraíocht ann ina raibh dhá fholúntas foirne, agus go raibh plé a dhéanamh faoi gan na folúntais a líonadh i ngeall ar na ciorruithe reatha agus i ngeall ar an bhagairt a bhain le ciorruithe breise in 2017.
9. Pléadh cumhdach na meán ar na ciorruithe ó tosaíodh a ghearradh bhuiséad Fhoras na Gaeilge in 2009.Ardaíodh ceist faoi na himpleachtaí a bhain leo, agus i leith an dochair a bhí déanta acu cheana féin.
10. D'iarr an Cathaoirleach ar na Ceanneagraíochtaí bheith ag plé le chéile faoi bhealaí le coigíltí a dhéanamh trí bheith ag obair i gcomhpháirt le chéile, agus le bheith ag plé bealaí le cur lena maoiniú, cuir i gcás trí tháillí a ghearradh ar imeachtaí.

Gníomh: Cáipéis le cur le chéile ag Foras na Gaeilge a léireodh éifeacht na gciorruithe.

Gníomh: Cruinniú le lorg ag na Ceannasaithe leis an dá Aire.

Tuairisc ón Sainchomhairleoir Pleanála Teanga

11. Thug an Sainchomhairleoir Pleanála Teanga cur i láthair. Mhol sé go dtiocfadh daoine ó na Ceanneagraíochtaí le chéile chun ceist stádais agus taighde a phlé. D'ardaigh sé ceist i leith polasaí teanga a bheith ag an Fhóram le tacú lena bpleananna.

12. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Sainchomhairleoir as an chur i láthair a thabhairt. Cuireadh in iúl go mbeadh an Sainchomhairleoir ar fáil le breathnú ar fheidhmeanna na gCeanneagraíochtaí. D'iarr sé ar na Ceannasaithe bheith i dteagmháil leis le plé a dhéanamh ar an bhealach is fearr le leas a bhaint as a chomhairle. Aontaíodh go ndéanfadh na Ceannasaithe uilig teagmháil leis ina leith seo.

Gníomh: Cur i láthair an tSainchomhairleora Pleanála Teanga le cur sa Dropbox.

Gníomh: Ceannasaithe le bheith i dteagmháil leis an Sainchomhairleoir Pleanála Teanga.

Cur i láthair ar Ravelóid

13. Tháinig A. Ó Deá i láthair an chruinnithe agus thug sé cur i láthair ar Ravelóid. Chuir sé in iúl a thábhachtaí a bhí poiblíocht anois agus dáta na hócáide ag druidim linn. D'iarr sé ar na heagraíochtaí uilig bheith páirteach san fheachtas poiblíochta agus úsáid a bhaint as a gcuid líonraí teagmhála.

Cur i láthair ar an Straitéis Léitheoireachta

14. Tháinig S. Ní Dhuinn i láthair an chruinnithe agus thug sí cur i láthair ar Straitéis Léitheoireachta Fhoras na Gaeilge. Léirigh Ceannasaithe an-spéis sa Straitéis Léitheoireachta agus moladh féidearthachtaí maidir le veáin COGG nó veáin Fhoras na Gaeilge le cuairt a thabhairt ar na coláistí samhraidh agus gréasáin a chothú leo. Moladh go ndéanfaí úsáid de na líonraí a bhí ag Ceanneagraíochtaí de dhaoine le hard-chumais litearthachta sa Ghaeilge le nósmhaireacht na léitheoireachta Gaeilge a chothú ina measc.

Gníomh: Teagmháil le déanamh le S. Ní Dhuinn faoi na líonraí teagmhála sna Ceanneagraíochtaí.

Meitheal maoinithe

15. Tháinig G. Trimble i láthair an chruinnithe agus thug sé cur i láthair ar mheitheal maoinithe na gCeanneagraíochtaí. Scaip sé cóip de théarmaí tagartha na meithle agus bhí plé ina leith. Aontaíodh ar roinnt mionleasuithe ar na téarmaí tagartha. D'iarr an Cathaoirleach ar na Ceannasaithe bheith ag smaoineamh ar thograí féidearthacha don chéad chruinniú eile den mheitheal maoinithe ar 12 Bealtaine.

Gníomh: Téarmaí tagartha na meithle maoinithe le leasú.

Gníomh: Moltaí le haghaidh tograí le hullmhú don chruinniú den Mheitheal ar an 12 Bealtaine.

Cur i láthair ar thuairisc chéad ráithe 2016

16. Thug na Ceannasaithe cur i láthair ar a dtuairiscí chéad ráithe do 2016 agus bhí plé ina dhiaidh.
17. Thréaslaigh an Cathaoirleach do na Ceannasaithe as an obair ar fad a bhí ar siúl acu. D'iarr sé ar na Ceannasaithe cóip den chur i láthair a chur sa Dropbox le go dtig a thaispeáint do Bhord Fhoras na Gaeilge go bhfuil luach ar airgead á fháil agus go bhfuil an Bord ar an eolas faoin obair ar fad atá ar siúl.

Gníomh: An cur i láthair le cur sa Dropbox.

Tuairisc ar dhul chun cinn sa chomhpháirtíocht do 2016

18. Aontaíodh go gcuirfí plé ar an mhír sin siar go dtí an chéad chruinniú eile agus go mbeadh sé mar phríomhmhír ar chlár an chruinnithe. Mhol an Cathaoirleach gurbh fhiú do Cheannasaithe teacht i gceann a chéile taobh amuigh den Fhóram Comhpháirtíochta, chun ceist na comhpháirtíochta a phlé roimh an chruinniú.

    Gníomh: Ceanneagraíochtaí le teacht i gceann a chéile taobh amuigh den Fhóram roimh an chéad chruinniú eile.

Ceardlanna

19. Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh Foras na Gaeilge ag eagrú ceardlann pleanála teanga ar 28 Aibreán dá n-oifigigh féin agus d'oifigigh na gCeanneagraíochtaí, agus go ndéanfaí úsáid de leabhar Laoise Ní Dhubhda ar an lá. Moladh gurbh fhiú aoichainteoir a bheith ann. Rinneadh roinnt moltaí. Aontaíodh gurbh fhiú eolas a scaipeadh roimh ré ar na daoine a bheadh i láthair ar an obair a dhéanann na Ceanneagraíochtaí éagsúla.

Gníomh: Eolas le cur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge maidir leis an obair a dhéanann gach Ceanneagraíocht le gur féidir cáipéis a chur le chéile don cheardlann.

Aon ghnó eile

20. Cuireadh in iúl go raibh an coiste ag ullmhú na dticéad d'ócáid chomórtha 1916 (Féasta) i mí na Nollag. Cuireadh in iúl go raibh litir le cur chuig Uachtarán na hÉireann le cuireadh a thabhairt dó freastal ar an ócáid. Shínigh gach Ceannasaí an litir agus cuireadh cóip chuig Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge le síniú agus le cur ar aghaidh dá réir.
21. Moladh go ndéanfadh Foras na Gaeilge cur i láthair ar a thosaíochtaí ar an chéad chruinniú eile den Fhóram.

Gníomh: Foras na Gaeilge le cur i láthair a ullmhú don chéad chruinniú eile.

Aguisín

Ina dhiaidh seo tá cóipeanna de na tuairiscí a thug Conradh na Gaeilge; Gael Linn; Gaelscoileanna; Glór na nGael agus An tOireachtas don Fhóram Comhphairtíochta faoin gcéad ráithe in 2016.

Conradh na Gaeilge

2016

Julian de Spáinn

Ard-Rúnaí

Cosaint Teanga

- Na hOlltoghcháin
  - Stiúrthóir i ngach toghcheantar
  - 26 ó dheas
  - 4 pháirtí ag aontú agus 84 as na teachtaí a toghadh
- Feachtais eile
  - Ollchomhairlí ó thuaidh
  - Bille na dTeangacha Oifigiúla ó dheas
  - Eircode, Comharthaí bóthair, srl. ó dheas
  - An Ghaeilge sa chóras oideachais ó thuaidh
  - Feachtais eile a thagann chun cinn - ollscoil uladh, srl.

Conradh na Gaeilge

Ionadaíocht

- Straitéisí
  - Litreacha dlí ó thuaidh
- Gníomhairí
  - Liosta scríbhneoirí litreacha go 100 – 74 anois
  - 5 nóiméad ar son na Gaeilge go 200 – 218 ball anois
- Taighde agus anailís
  - Suirbhé Millward Browne – suirbhé curtha
  - 2 chruinniú poiblí – Plé ’16

Conradh na Gaeilge

Ardú Feasachta

- Seachtain na Gaeilge
  - Lámhleabhair scaipthe
  - Seo Linn socruithe
  - Ciste imeachtaí – Dún Laoi
- Is Leor Beirt
  - 150 grúpa – 121 anois
- Dúshlán 50
  - 500 duine – 154 grúpa – 462 páirteach

Conradh na Gaeilge

PEIG.ie, Meáin Shóisialta & Chumarsáide

- Peig.ie
  - Líon aimis a mhéadú go 750,000 sa mhí
  - Líon cuairteoirí a mhéadú go 30,000 sa mhí
  - Nuachtlitir a mhéadú go 5,000 duine sa lá
  - Seirbhísí a chur leis an suíomh
- Na Meáin shóisialta
  - Facebook a mhéadú go 25,000 – 23,000+ anois
  - Twitter a mhéadú go 15,000 – 11,500+ anois
- Meáin Chumarsáide
  - 750 Agallamh – 113 go deireadh Feabhra
  - RTÉ & TG4, 2fm – Teagmháil leanúnach

Conradh na Gaeilge

2016

- Plé ’16 (Ard-Fheis 26-27 Feabhra)
- Digitiú an Chlaidheamh Soluis
- Taispeántas soghluaiste
- Seó Bóthair 2016
- Dráma in Amharclann na Mainistreach
- Féile na Físe
- Tacaíocht áitiúil & teilifíse

Conradh na Gaeilge

Comhpháirtíocht

- Rith 2016 – 50,000+ duine
- Ravelóid
- RTÉ 2016
- Comhordaitheoir na Mac Léinn
- Gaelbhratach
- Feachtais feasachta i gcomhpháirt le ceanneagraíochtaí eile (m.sh. Gaelscoileanna nua, srl..)
- Taighde
- Bliain na Gaeilge 2018

Conradh na Gaeilge

Conradh na Gaeilge

2016

Julian de Spáinn

Ard-Rúnaí

Gael Linn

2016

Ráithe 1

Oideachas in Earnáil an Bhéarla

Príomhthorthaí

- Titim i líon na ndaltaí ag roghnú na Gaeilge mar ábhar GCSE:
  - Cruinniú leis an Aire Oideachais John O'Dowd i Stormont
  - Grúpaí fócais
- Seirbhís eolais ar-líne do mhúinteoirí ar áiseanna foghlama/teagaisc
- Anailís ar riachtanais mhúinteoirí Gaeilge dara leibhéil ó thuaidh
- Ceistneoir LLDD cumtha le scaipeadh ar mhúinteoirí bunleibhéil ó dheas

Oideachas in Earnáil an Bhéarla

- Cruinnithe bailithe eolais le múinteoirí faoi shiollabas Gaeilge an TS
- Aighneachtaí agus ráitis phoiblí ar shaincheisteanna Gaeilge: Straitéis Náisiúnta Scileanna ; BBC ; DIT..
- Plé le hionaid mhínithe agus soláthróirí acmhainní
- Freagairt fiosruithe faoi chúrsaí agus acmhainní

Oideachas in Earnáil an Bhéarla

Tionscadail Chomhpháirtíochta

- Comhphlé le CnaG maidir le feachtais sa réimse oideachais
- Malartú eolais le CE agus eagrais eile i dtaca le háiseanna foghlama/teagaisc agus cúrsaí
- Coiste *Féasta 2016*
- Suirbhé léitheoireachta FnG
- Líofa, Glór na nGael, SnaG..
- Boird Oideachais agus Oiliúna- FC

Forbairt

- **www.eolaireg.ie**

Oideachas do Dhaoine Fásta

Príomhthorthaí

- Suíomh idirlín d'fhoghlaimeoirí fásta "EolaireG" ar a bhfuil eolas faoi chúrsaí agus acmhainní foghlama
- Seirbhís eolais curtha ar fáil don phobal - oifig, r-phost agus guthán móide seastáin eolais
- Taighde coimisiúnaithe ar riachtanais lucht teagaisc
- Beartas leis an soláthar cúrsaí a mhéadú

Forbairt

- **www.eolaireg.ie**

Gaelscoileanna Teo.

Tumoideachas / Gaeloideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge

Tuairisc Ráithe 1 2016 (01.01-31.03.16)

Gaelscoileanna

Ionadaíocht/ Abhcóideacht

- Comhairliúcháin le scoileanna
  - 19 bunscoil & 7 n-iarbhunscoil Gaeltachta – ar sprioc
  - 2 naíonra, 3 bhunscoil & iarbhunscoil amháin lasmuigh den Ghaeltacht
- Cr le Aire Oideachas faoi phátrúnacht & iolrachas
- Cr le ROS faoi feidhmiú aonaid lán-Ghaeilge
- Coiste comhairleach faoin churaclam teanga nua bunscoile.
- Plé le Comhar Náisiúnta Deonach um Chúram Leanaí & Tusla faoi riachtanais na naíonraí.
- Facebook – 1,482, Twitter – 792
- Clárúcháin lorgtha ó scoileanna

Forbairt Soláthar Nua Tumoideachais

- Bunscoileanna nua
  - Iarratas seolta go ROS do 2 bhunscoil nua do 2016
  - Feachtais á thosú do 3 bhunscoil nua do 2017 – Baile an Chollaigh, Dún Laoghaire & Baile Pheiléid
- Tacaíocht do 13 áit ina bhfuil daoine ag iarraidh naíonraí a bhunú.
- Iarbhunscolaíochta
  - 2 shruth nua lán-Gaeilge fógartha ag na Boird Oid agus Oiliúna do Léim an Bhradáin agus do Ghuaire do 2016.
  - Plé le coistí i Sligeach, Port Laoise agus BÁC 15 maidir le roghanna iarbhunscolaíochta (aonaid lán-Ghaeilge).

Seirbhísí Tacaíochta don earnáil lán-Ghaeilge

- Scéimeanna:
  - Le Chéile trí Ghaeilge – iarratas 48 naíonra/ scoil
  - Tacaíocht Teanga – 10 ag baint feidhme as faoi láthair
- Clár Gaeilge do thuismitheoirí
  - Forbairt suímh
  - Forbairt ábhair
- Leabhrán tumoideachais do naíonraí
- Nuachtlitir an Earraigh scaipthe

Forbairt Ghairmiúil & Caighdeáin

- Oiliúint do naíonraí
  - Ceardlann Aistear do naíonraí - Eanáir
  - Ceardlann margaíochta curtha siar
- Plé le PDST/ COGG faoi thacaíocht d'iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge/ Gaeltachta & Forbairt polasaí Gaeilge dóibh.
- Oiliúint boird bainistíochta
  - Nua-shonrú módúil & aistriúcháin orthu
- Comhdháil CAER (Cumann Oideachais na Réigiún Eorpacha) – 3-4 Márta

Tuairisc Ean – Márta 2016 –
Glór na nGael

Mí Márta	Sprioc go Dáta	Bainte amach
3.1 Forbairt Pobail		
a. Timireacht Coistí pobail a chlárú	60	35
b. Timireacht Clubanna an CLG a chlárú	150	83
c. Timireacht - Tuairiscí iar mholtóireacht coistí/clubanna/CG	60	62
d. Seoladh Ciste Deontas Tacaíochta do chlubanna CLG	€80,000	€60,000
e. Ciste deontais tacaíocht do chlubanna CLG - geallta	50% geallta	€7,500 geallta
f. Ceardlann oiliúna/traenála (CLG/Coistí)	4	4
Rith 2016	20,000	50,000 duine, 50 baile
g. Ravelóid – ticéid díolta	1,200	
3.2 Fiontraíocht		
a. Bricfeasta na hAoine	3	4
b. Bronntanas as Gaeilge (líon siopaí rannpháirteach)	60	80 siopa
c. Feachtas Facebook Bronntanas as Gaeilge	1500	1172

Tuairisc Ean – Márta 2016

Mí Márta	Sprioc go Dáta	Bainte amach
3.3 Tógáil Clainne le Gaeilge		
a. Nuachtlitir a scaipeadh ar 400 teaghlaigh	6	6
b. Ócáidí shóisialta clainne le heagrú	12	19
c. Grúpaí Tuistí agus Leanaí	10	10
d. Aontú ar Phlean Straitéiseach earnála 2016-2020		
Eile		
a. Ciste deontas fograithe do ghrúpaí thar lear	€30,000	€30,000
b. Ceardlann oiliúna/traenála (CLG/Coistí)	4	4
c. Moltóireacht ar Chumainn Ghaelacha	16	16
d. **Fógairt na Duaiseanna Comórtas 2015**		
e. **Ceardlann oiliúna foirne ar**	2	2
f. **Cruinniú Coiste Iniúchóireachta**	1	1
g. **Féasta (fo-choiste idir-eagraíochta)**		

An tOireachtas

Gréasán na nGael

Tuairisc Ráithe 1
2016

Eanáir – Márta 2016- EAGRAÍOCHT

1. Bhí moill ar ceadú maoiniú 2016 d'Oireachtas na Gaeilge agus fadhbanna maidir le pleanáil dá réir.
2. Tá athraithe eile tagtha ar an bhfoireann agus faoi láthair tá 2 fholúntas ann, (i) post Oifigeach Bunú & Forbairt Gréasáin le líonadh in oifig Iúr Chinn Trá & (ii) post Oifigeach Cléireachais le líonadh in oifig Bhaile Átha Cliath.
3. Tá comhlacht nua bunaithe- ***Comhthionól Ealaíne na Gaeilge*** (ag trádáil mar Oireachtas na Gaeilge) agus bhí an chéad chruinniú den Bhord nua ann ar 31 Márta 2016. Tá gnéithe eile den phróiseas seo fós le baint amach, cuntais bainc nua a oscailt, iarratas a dhéanamh ar uimhir chánach nua agus iarratas a dhéanamh lenár stádas charthanachta a choimeád.
4. Tá cuid mhaith dár gcuid ama caite againn ag iarraidh a theacht ar breis maoinithe le ciorraithe maoiniú an Fhorais (circa €62000) a mhaolú.

Eanáir – Márta 2016 - IMEACHTAÍ

5. **Oíche Nollag na mBan**, bhí ócáidí ar siúl i nDún Dealgán, Baile Átha Cliath, Ráth Cairn, Na Déise, Cathair Chorcaí, Conamara An Ómaigh & Béal Feirste, cuid acu sin i gcomhpháirtíochta le Ceanneagraíochtaí eile.
6. '**Little Cinema'** – Gaillimh ar 15 Márta mar cuid de Sheachtain na Gaeilge. Taispeánadh 10 gcinn de Gearrscannán Gaeilge. Bhí an freastal ar an ócáid agus caighdeán na scannán i bhfad níos fearr ná 2015.
7. **Féile Pan Cheilteach** i gCeatharlach- bhí ról lárnach ag baill foirne in eagrú & riaradh sraith imeachtaí le linn na Féile, go háirithe na comórtais amhránaíochta, ceol uirlise agus córacha.
8. **Léacht Cuimhneachán 1916**. Thug Aindrias Ó Cathasaigh Léacht ar an nasc idir Éirí Amach na Cásca 1916 agus na tíortha cheilteacha eile ar an 31 Márta. Bhí ionadaithe ó na tíortha cheilteacha ar fad i láthair.

Eanáir – Márta 2016- Dátaí don Dialann

- Gradam Chumarsáide an Oireachtais, Dé hAoine, 13 Bealtaine in Óstán Bhóthair na Ta, Gaillimh.

- Galf as Gaeilge (i bpáirt le Gael Linn) Dé Sathairn, 11 Meitheamh i nDún Mhuire, Cill Dara.

- Ná Rásaí – an chéad Rás i mBaile Bhúirne ar an 15 Bealtaine.

- Oireachtas Gaeilge Cheanada – 30 Meitheamh go dtí 3 Iúil 2016.

- Spriocdháta iarratais do chomórtas liteartha an Oireachtais – Dé hAoine, 1 Iúil 2016.

Eanáir – Márta 2016- Dátaí don Dialann

- Oíche Chultúir – Dé hAoine, 16 Meán Fómhair.
- Oireachtas na Samhna i gCill Airne, Co. Chiarraí ó Dé Céadaoin, 2 Samhain go dtí Dé Domhnaigh, 6 Samhain.

Gradaim Chumarsáide
AN OIREACHTAIS

FEIDHM 2: 2015

Gradaim Chumarsáide
AN OIREACHTAIS

2015

An Phoiblíocht

Na Comórtais Liteartha 2016

Siollabas ullmhaithe, foilsithe & scaipthe	3000	I gcrích
Clárú Iarratais		Spriocdháta 1 Iúil 2016
Earcú moltóirí		
Bronnadh Duaiseanna & Gradam		Dé Céadaoin, 2 Samhain
Poiblíocht leanúnach		

ReRá
Gréasán na gCór

Ridirí Átha Cliath
Gréasán Rothaíochta

Na Saighdiúirí Dearga
Gréasán Lucht Tacaíochta Rugbaí

EILE

Tionscadail Chomhpháirtíochta a eagrú.

Tionscadail Chomhpháirtíochta a stiúradh le deiseanna úsáidte Gaeilge a sholáthar.

Rannpháirteacht i dtionscadail chomhpháirtíochta eile.

Pleananna straitéiseacha & oibríochtúla a réiteach le comhpháirtithe eile ar an bhFóram Chomhpháirtíochta.

Eolas riachtanach a bhailiú & a chur in eagar le feidhmeanna an mhór-réimse a chur i gcrích go héifeachtach.

Iarratais thráthúla ar mhaoiniú a chur faoi bhráid Fhoras na Gaeilge.